# Scéal an Fhroig Bhéal-leathain

Fadó ó shin, agus is fadó a bhí, bhí frog béal-leathan ann.  Bhí trí leanbh ag an fhrog seo, ach ní raibh aon bhia aige do na leanaí seo.



Mar sin, d'imigh an frog isteach sa choill, mar bhí loch mór ann.  Anseo, casadh dobhareach mór air.



D'fhiafraigh sé den dobhareach, "A dhobhareich, a chara, cad é a thugann tú le hithe do do leanaí?"
D’fhreagair an dobhareach mór, "Itheann mo leanaí duilleoga ó grinneall an locha".
"Buíochas leat!" arsa an frog béal-leathan, ach ní íosfadh na leanaí froig duilleoga ó grinneall an locha.



Mar sin, d'imigh an frog béal-leathan bealach gearr, agus casadh sioráf ard air, agus d’fhiafraigh sé den sioráf, "A shioráif, a chara, cad é a itheann do leanaí?"
D’fhreagair an sioráf, "Itheann mo leanai duilleoga ó chrainn arda!"
"Buíochas leat!" arsa an frog béal-leathan, ach ní íosfadh leanaí froig duilleoga ó chrainn arda.



Mar sin, d'imigh an frog béal-leathan níos faide sa tír, agus casadh tíogar air.
"A thíogair, a chara, cad é a itheann do leanai?"
D’fhreagair an tíogar, "Itheann mo leanai froganna béal-leathan!"

Agus thug an frog freagra air, trí bhéal bheag leathdhruidte, "*ó*".

